

## BEATHA EUSTASIUS AGUS BEATHA MHUIRE ÉIGIPTÍ

TÁ an dá Bheatha seo á gcur in eagar anseo as an Liber Flavus Fergusiorum .i. an LS 23 O 48 in Acadamh Ríoga na hÉireann. Seo iad na lámhscríbhinní ina bhfuil cóipeanna den dá Bheatha:

### 1. *Eustasius* (E)

- (1) Liber Flavus, cuid ii, ff. 41 v a – 43 r b (F).
- (2) Acadamh Ríoga, 23 O 4, ff. 16 a – 24 b (O).
- (3) British Library, Egerton 180, ff. 131–44 (ionann agus (2), focal ar fhocal). Muiris Ó Gormáin an scríobhaí (san 18ú haois).

### 2. *Muire Éigipteach* (ME)

- (1) Liber Flavus ii, ff. 43 r b – v b (F).
- (2) Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath, LS 10, f. 60 r a (R): stractha agus doléite ó líne 360 den eagrán seo amach.
- (3) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, G 9, ff. 5 v b – 7 r a (G).
- (4) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, G 36, lgh 106–111 (cóip dhílis de (3); aistriúchán Béarla leis).
- (5) Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, LS 2068, ff. 2 v – 6 v (neamhiomlán).

Aistriúcháin ar *Vita S. Eustachii* agus *Vita S. Mariae Aegyptiacae* ón *Legenda aurea* (LA), a chuir Iacobus de Voragine le chéile sa 13ú haois, atá againn anseo (ní mór an dá mhír seo a chur leis an liosta d'aistriúcháin Ghaeilge ar an *Legenda aurea* atá ag Gearóid Mac Niocaill in *Studia Hibernica* 1 (1961) 89). Chuir T. Graesse in eagar é, Bratislava 1890.

Cuireadh F le chéile, deirtear, idir na blianta 1437 agus 1440, i Ros Comáin, b'fhéidir. Bhí níos mó ná scríobhaí amháin páirteach san obair.

### 1. EUSTASIUS

Maidir leis an téacs seo as F, is minic i ndeireadh líne tosach focail, agus ansin nuair nach mbeadh slí ann don fhocal iomlán, go scríobhfaí an focal as an nua ar an gcéad líne eile, m.sh. *dos/smuaintig*. Ní fheadar an gabháil ó chluais ba chúis lena leithéid agus le giorrúchán mar seo a dhéanfaí le barr dithnis nó cúraim – *lú* (lughá) 17, *fail* (fagháil) 22. Tá cúpla botún ann a d'fhágfadh, b'fhéidir, gur ó chluais a bhí an scríobhaí ag obair (an focal ceart ag O) – *tshainnti* 3 (*shlainte* O); *smuaintig* 8 (*shanntaigh* O). Tá F dorcha in áiteanna ag fliche nó taise as barr na nduilleog. Is ansin is mó a thagann O i gcabhair orainn.

Bloghanna as lámhscríbhinní éagsúla atá in O. Níl ainm scríobhaí leis an téacs seo. Ag bun lgh 19 tá na focail seo: '7 la fheil Martan aniu 7 a Slemuin mor Midhe'. Is dóigh liom, mar sin féin, gur féidir tuairim a chaitheamh i dtaobh cérbh é an scríobhaí. Níl in O ach leag-tuairim a chaitheamh i dtaobh cérbh é an scríobhaí. Níl in O ach leag-tuairim a chaitheamh i dtaobh cérbh é an scríobhaí. Níl in O ach leag-tuairim a chaitheamh i dtaobh cérbh é an scríobhaí.

gciall, m.sh.: 1 *dís mac F dis muirrneach mac O*; 4 *Creidim, a Thighearna F, Uch uch, a Thighearna, creidim O*; 7 *in argain sin F, in argain imgha agus in leagud lanmor sin O*; 8 *go dobrónach F, co toirreacht dobronach O*; 23 *iarrnaidhthi F, urrnaighthe dhichra seicreideach O*. Níl aon amhras orm ach gurbh é Uilliam Mac an Leagha an scríobhaí. Ba nós aige téacsanna a 'ornáidiú' ar an gcuma sin, m.sh. British Library Add. 30512, Beathaí Iacopus Intercisus, agus Ciricius agus Iúlite, dhá théacs atá le fáil gan ornáidiú in British Library Egerton 1781. Tá taispeánta ag Gordon Quin gur dócha gurb é Uilliam a d'aistrigh *Stair Ercuile agus a bás* (feic Cumann na Scríbhneann nGaedhilge XXXVIII (Londain 1936) xxiv–xxv, xxxviii–xl) agus ní hé sin amháin é, ach *Sir Gui ó Bherbhic agus Bibus ó Hamtuir* sa lámhscríbhinn chéanna (1298 (H.2.7) i gColáiste na Tríonóide) agus *Betha Mhuire Egiptacdhá* in British Library Add. 30512. Thaispeáin Gordon Quin an dlúthchosúlacht atá eatarthu sin uile i gcúrsaí foclóra, agus ina theannta sin nach bhfuil le fáil de na téacsanna sin faoi seach ach cóip amháin i lámhscríbhinní a scríobh Uilliam féin. Is féidir cur leo, dar liom: *Argain Ifrinn*, in Add. 30512 agus *Beatha Labhráis* sa lámhscríbhinn chéanna. Ní healáí dom anseo an scéal ar fad a phlé. Is tábhachtaí anseo téacs F ná O de Bheatha Eustasius.

## 2. MUIRE ÉIGIPTEACH

As F an téacs againn. Tá cúl na duilleoige, mórán de, barrchuiremilte agus doléite dá réir. Is é an trua go bhfuil a oiread sin de chóip (2), R, scriosta. Ní féidir a léamh tar éis an fhocail 'damh' inár dtéacsna (líne 360 thíos). Ní mór an difear idir é agus (1) agus ba chabhair é chun cuid de sin a léamh. Is é ár Uilliam-na a scríobh (3), G, agus a rinne ornáidiú mar a rinne in O ar Bheatha Eustasius, m.sh. 'ro' in ionad 'do', 'atcondaire' in ionad 'do-chonnuic'. Tá 'uch' go minic tríd síos, 'faicsin' in ionad 'faiceál' etc. Maidir le (4) agus (5), is é James McQuigge a scríobh iad araon go luath sa 19ú haois. Cóip dhílis de (3) atá iontu. Níl (5) i gclár oifigiúil na lámhscríbhinní i gColáiste na Tríonóide.

Tá ME díreach i ndiaidh E sa lámhscríbhinn (F), agus is dóigh liom gurb ionann údar dóibh. Féach an méid seo d'ionannas eatarthu: *cad 'ma leanand tú mé?* (E § 2, ME § 1) [= *quid me persequeris?* sa dá Bheatha]; *co haibéil* (E § 9, ME § 5); *do fhiarfaighidár sgéla na mná pósta . . . de* (E § 14), *ac fiarfaighi na sgél* (ME § 4) *do lean Plasidus an fiadh sin co sanntach* (E § 2), *ac fiarfaighi na sgél co sanntach* (ME § 4). Tá tagairt do chúpla rud eile agam, faoi chúrsaí litrithe agus gramadaí. Ach go háirithe, pérbh é an t-údar, is léir nárbh é Uidhisdin Magraighin é, an canónach ó Oileán na Naomh a d'aistrigh go crua-Ghaeilgeach *Beatha Eoin Bruinne* atá in F freisin (in eagar ag G. Mac Niocaill, *Éigse* 7 (1953–5) 248–53, 8 (1956–7) 222–30). Ní miste a rá gur slachtmhaire an dá théacs anseo mar aistriúcháin.

## LITRIÚ, GRAMADACH

Tá an litriú mírialta, ina mheascán idir ársa agus nua (nó fiú amháin, 'simplí').

*Litreacha balbha*: Is minic consain gan fheidhm ann: *acudh* (= acu) E § 8; *oighfigi* ME § 2; *mófhoidi* ME § 2. Tá 'nd' ársa ann in ionad 'nn': *leanand* E § 2; *indus* ME § 4.

Taispeánann litriú ar nós *mnaídh* E § 8, *do bhídh* (aimsir chaite 3 uatha) E § 2, *accudh* E § 9 gur tuigeadh an consan deiridh sin a bheith balbh, agus tá samplaí againn mar ar fágadh an consan sin ar lár ar fad: *aighi* E § 6, *aidhghi* E § 15, *aidhi* ME § 1 (= aighidh .i. aghaidh); *do fhoilsí* E § 3; *do chlaí* E § 6; *do chuimhne* E § 14; *do-dhéanamh* (gnáthchaite 3 uatha) ME § 3, b'fhéidir go ndéarfaí gur fuaim 'mh' atá go fíor ansin, ach tá na samplaí seo a thabharfadh le fios gur balbh atá sé – *co [d]teigmheódha chuigi* ME § 1; *co [bh]fadha sí* ME § 5. Tugtar faoi deara freisin na hainmneacha briathartha seo: *feitheadh* (-h-) E § 2; *caemhna* E § 9.

*Malairt gutaí faoin aiceann*:

'ai' in ionad 'a': *na caithreach* E § 4; *do aithridh* E § 6.

'o' in ionad 'a': *do lobhuir* E § 2; *do ghobhudar* E § 17 (*do ghabhudar* E § 17); *gobháil* ME § 6 (*gabh* ME § 1); *tobhair* E § 6; *tobhairt* E § 11 (*tabhair* ME).

'o' in ionad 'u': *choguin* ME § 8.

'u' in ionad 'o': *do-chunnaig* E § 2, ME § 8. Is ionann beagnach a bhfuil de shamplaí 'o' agus 'u' idir an dá bheatha. Tá 'u' anseo níos luaithe ná an sampla a luaitear a bheith i lámhscríbhinn ón 16ú haois (T. F. O'Rahilly, *Irish dialects past and present* (Dublin 1932) 195).

Fágtar an sleamhnán 'o' ar lár: *do innsaidh* E § 2; *mnaídh* ME § 1; *ímháidh* E § 2; *innat* E § 3.

Tá cúpla sampla den sleamhnán 'u' ann: *siubhal* ME § 1; *iubhuirt* E § 22; *iubharta* E § 22.

*Gutaí cúnta*: *tribolóid* E § 11; *athamkultus* E § 12; *amhurus* ME § 3. Is coitianta go mór anois, is dóigh, an guth cúnta i nGaeilge na Mumhann ná i gConnacht.

*Meánchoimriú*: Caomhnaítear an meánchoimriú i *salchar* ME § 4; *dobhérdais* E § 8; *reachdais* E § 14; *do cheannchas* ME § 6; *adeirdís* E § 17.

*Gutaí neamhaiceanta*: Coitianta, ní bhactar le sleamhnáin, bíodh go bhféadfadh sin cur isteach ar chiall an fhocail: *déircinna* E § 2; *aimsira* E § 3; *timchill* E § 9; *do imdhis* (aimsir chaite 1 uatha) ME § 6; *doilghis* (= doilgheas) E § 8; *do innsis* (aimsir chaite 1 uatha) ME § 6.

'a' in ionad 'o': *lomnacht* E § 7; *imlachta* E § 8; *imlachtaidh* ME § 4.

Tá samplaí ann de litriú ‘simplí’ nó de chiorrú focal mar a bheadh noid: *fáil* (= fagháil) E § 22 (fadhbháil E § 21); ‘*u*’ (= bhudh) E § 6. ME § 4; ‘*udh*’ (= bhudh) E § 6; *lú* (= lugha) E § 17 (Luaitear an litriú sin in O’Rahilly, *Irish dialects*, 256, ach dhá chéad bliain ina dhiaidh, ag Stapleton ina Theagasc Críostaí); *foilsíú* E § 4; *lútháir* E § 20 (*lúgháir* E § 21).

I gConnacht a scríobhadh an lámhscríbhinn seo, agus is ródhócha gur i Ros Comáin. Tá comharthaí cinnte canúna ann, faoi mar is léir ón litriú úd romhainn. Ní miste roinnt samplaí eile a thabhairt: *beannaidhi* (= beannaidhthe) ME § 2; *Crístaidhi* (= Crístaidhthe) E § 24; *guibhi* ME § 5 (*guidhe* ME § 4); *guibhim* ME § 8 (*guidhim* ME § 7); *ní rabh* E § 17 (*dá raibh* E § 8); *bídhh* (modh ordaitheach 3 uatha) E § 13. Ní furasta a rá cad í an fhuaim a bheadh ansin, ach ní móide gur ‘dh’ ach ‘bh’ nó ‘ú’ (bíú); *dá dtighi* E § 7. Thuigfí ón litriú sin gur fuaim Ultach a bhí le deireadh an fhocail sin – ‘toi(gh)’.

Is ionann an litriú anseo ar an 3 pearsa uatha firinsneach agus ar an 3 pearsa iolra den réamhfocal ‘ó’ .i. *uadha* – E § 10, 13, 14, 20. (cf. L. McKenna, *Bardic syntactical tracts* (Dublin 1944) § 193.30).

Tá na forainmneacha geall leis mar atá siad inniu, mura mbeadh ‘noch do’, atá forleathan. Tá cúpla sampla ann de dhul cainte a bhíodh coitianta: *guidh ar mo shon chun an Tighearna is a haithne d’fhacbas an saeghal* (ME § 9). Níor míníodh fós, is dóigh liom, cad faoi deara an neamhshéimhiú ar chonsain nó ‘h’ roimh ghuta nuair is firinsneach é an réamhtheachta. Measaim gur trí analach a tharla a leithéid. Tá rud dá shórt sa Bhreatnais mar ar leath tionchar ‘ei’ (.i. an forainm sealbhach 3 uatha baininsneach) trí ‘h’, ar nós mar a tharla sa Ghaeilge, a chur roimh ghuta. Maidir le réamhfhocail, ní miste ceann a thógáil do na foirmeacha seo: *eir* E § 6, *eire* E § 19 (= ar); *chun* (sampla amháin) E § 15 (cun LS); tá *chum* (*chom*) coitianta.

Is an-mhinic ‘do’ mar fhorainm coibhneasta roimh an aimsir chaite agus bíonn sé ann uaireanta roimh an modh coiníollach, ach ní fhaightear leis an aimsir láithreach ná fháistineach é. Maidir leis an bhforainm sealbhach, 1 agus 2 uatha, tar éis réamhfhocail a chríochnaíonn ar ghuta, tá na samplaí seo againn, cuir i gcás: *do ma mhnaídh* (E § 4); agus féach *ann mo gharrgha* (E § 20), níos luaithe ná mar a luaitear in *Irish dialects*, 216: ‘. . . usage may be traced in Northern texts back to the middle of the sixteenth century’. Tá an forainm ‘sé’, ‘sí’, tar éis an bhriathair go fairsing.

Maidir leis an mbriathar, is ar éigean atá rian na meánaoise air. In ionad ‘ro’ is ‘do’ atá leis an aimsir chaite, agus iarmhír -r in ionad iarmhír s-. Gheofaí ar uairibh seanfhoirm in áice an nua: *atú anois* (E § 11). Tá ‘raibh’ níos minicí ná ‘raibhe’. Níl aon fhorainm láir ann. Tá ‘do’ agus ‘d’ roimh bhriathar dar tosach guta san aimsir chaite, m.sh. *do fhuráil* (E § 23), *d’fhuráil* (E § 8), *do aithin* (E § 21), *d’aithin* (E § 22). Is minicí, ámh, ‘do’.

De réir na Laidine *ures tuae a sermonibus meis contaminabuntur et aer a sordibus polluetur*, tá an fhoirm ‘u’ ag an mbriathar ‘is’ san aimsir fháistineach: ‘U salach do chluasa óm chomhráitibh agus ‘u truaillighthi an t-aēr óm shalchar (ME § 4). Is é an dála céanna é ag na habairtí seo: ‘U follus do chreidimh (E § 6) – *apparebit fides tua*; ‘u slán tú (ME § 6) – *salva eris*. Tugtar faoi deara an sampla eile seo den bhriathar ‘is’: *is eagail leam ná ‘u maith léi sin* (ME § 9) – *timeo ne hoc sibi displiceat*. Tá sampla againn (an chéad sampla?) den athrú ó *bhádár* go *bhídar*: E § 14 (agus b’fhéidir ME, ach tá ciorrú éigin air: *dibdar*, § 4).

Tá cúpla sampla ann den diúscartach sa mhodh foshuiteach láithreach 1 uatha: *co bhfoillsidhar* (E § 4); *dá n-innsear* (ME § 4). Tá ‘d’ roimh ghuta nó ‘fh’ san aimsir chaite chomh minic le ‘do’. In ionad ‘do’ tá ‘ad’ faoi dhó: *ad imidh* (E § 14), *ad aithnidar* (E § 14).

Tá meascán foirmeacha ann: *do leig* (E § 9); *do lig* (E § 9). Feic freisin *gu bhfoillseóchaidhe* (E § 1), *do fhoillsidheas* (E § 2), *d’fhoillsiú* (E § 4), *co bhfoillsi tú* (E § 6). Ní fhéadfaí a rá go cinnte nach meascán ar réimniú briathar atá ansin, agus mar sin gur ‘foillsiú’ ba chóir a bheith ann, nó gur litriú simplí agus ‘ú’ a bheith ceart agus ‘co bhfoillsí tú’.

#### Varia:

Malairt díochlaonta, ach gur díol amhrais éigin na noid: *cathachon* (E § 6); *cathachadhon* (ME § 6); iolra *cathaighthibh* [?] (E § 6) [cathibh LS], *cathaighthe* [?] (ME § 5) [cath LS].

Foirm eile ar an bhfocal ‘teidhm’ is ea ‘teadhmann’ – ginideach *teadhmainn*, E § 7. Is cosúil le focal ar nós ‘dile’ a ndearna ainmneach den ghinideach ‘dileann’, nó ‘cumhachtan’ ar an gcuma chéanna ón bhfocal ‘cumhachta’.

Is minic ‘ma’, ‘da’ in ionad ‘mo’, ‘do’, mar fhorainm sealbhach nó roimh bhriathar. Minic freisin, ‘a’ roimh an ainm briathartha, agus féach *as a’ coill* (E § 17) agus *a’ naídhi* (E § 17). Taispeánann na nithe sin agus mórán eile gur Gaeilge bheo labhartha atá sna Beathaí seo. Ní miste ceann a thógáil do na hainmneacha briathartha *cvimhneochadh* (E § 12), *smuainteachadh* (ME § 9), agus do na hainmfhocail seo: *cathachon* (E § 6), *cathachadhon* (ME § 6; a luadh romhainn), *saltrachan* (E § 6).

Aidiacht dar tosach guta gan séimhiú sa ghinideach iolra: *a n-aidhghi na námhad imdha* (E § 15); *an dis macamh óg* (E § 8). Ach – *tar éis uidhi cúig lá ndég* (E § 17). Is dócha go mbeadh an teanga bheo agus an teanga liteartha le hais a chéile nó uaireanta ag iomaíocht le chéile.

Séimhiú ar ainmfhocal dílis i gcomhaisnéis le hainmfhocal eile sa tuiséal gairmeach uatha: *A Aib Shosimas* (ME § 1), ar aon dul le ‘A Mhaighdean Mhuire’, ‘A Athair Chaoimhín’ 7c. Tugtar faoi deara an díochlaonadh ar ‘ab’, mar a bheadh de stoc -o-.

Ainmfhocal de réir céille ginidí a bheith sa tuiséal ainmneach: *ar ngobháil dóchus chuccam* (ME § 6), abairt a dhealraíonn a bheith annua-aimseartha.

Dhá ghinideach, an chéad cheann gan díochlaonadh: *ar son luach m'imchuir* (ME § 4; an abairt ann faoi dhó) – ainmfhocal amháin de réir céille.

*d'innsaidhi maidhisdirí* [*maighisdir* O] *na ridiridh* (E § 19), cosúil, b'fhéidir, leis an abairt díreach romhainn. Ní fhaca mé 'maidhisdirí' mar ghinideach, ach b'fhéidir gur ainmneach é ar mhúnla focail mar 'impir', 'impire' (feic O. Bergin (eag.), 'Irish grammatical tracts', *Ériu* 8–9 (1916–28) suppl., 33).

Tugtar faoi deara an focal *ló* anseo (mura tuathal é): *do an sé trí ló co n-oidhchi* (E § 16).

Seo sampla faoi dhó, ar an aon líne amháin, d'fhoirm atá luath go leor, is dóigh liom: *do-ghiabhair* (E § 13).

Is díol suntais gan amhras an focal 'innsaidh' (mar atá an focal litrithe, ach aon uair amháin). Mar réamhfhocal comhshuite atá sé (d'inns., dá ionns., etc., agus uair amháin mar bhriathar: *do innsaidh*, E § 2). Tá sé 16 huair in E agus trí huair in ME, an-mhínic mar fhocal nár choitianta, i dtéacs gairid. Is taca eile lena mheas gurbh ionann údar do E agus ME, agus cabhair b'fhéidir, ó thaobh stíle chun údar téacsanna eile a aithint. Ach i mbeathaí naomh i lámhscríbhinní eile seachas F is ar éigean atá sé le fáil.

Tá an briathar 'tinnsgnaim' sé huair in E agus ME faoi seach, ach ós rud é, is dóigh, gurbh é an gnáthbhriathar sa ré sin é, ag freagairt do 'tos(n)aím', is ar éigean ab fhéidir a ghlacadh mar chomhartha stíle. Ní thagann aon athrú ar an ainm 'Eustasius' cibé tuiseal a bheadh ann.

## CÚRSAÍ EAGARTHÓIREACHTA

Ní léir dom sínte fada sa téacs. Dá bhrí sin tá siad curtha isteach agam mar a mbeadh súil leo. Taispeánann ‘h’ iodáileach séimhiú atá ar lár sa lámhscríbhinn. Ní dhearna mé séimhiú in aon áit nár chinnte dó a bheith ann. Mar sin, d’fhág mé aidiachtaí sa tuiseal tabharthach lom más amhlaidh atá siad sa lámhscríbhinn, mar sa 15ú haois bhí na cúrsaí sin guagach idir shéimhiú agus urú. Scaoilim roinnt mhaith de na gnáthnoid gan comhartha ar bith, ach i gcúrsaí amhrais bíonn iodáiliú ann, nó más gá, bun-nóta. Tá ‘imorro’ ag freagairt do  $\text{V}$  agus ‘ea’ do ‘e’ ard, ó tá ‘ea’ coitianta sa lámhscríbhinn.

Is iad seo na comharthaí faoi leith sa téacs:

[ ] – urú atá ar iarraidh; litir nó litreacha a chuirim féin isteach.

( ) – litreacha gan fheidhm.

< > – in E chun a thaispeáint go bhfuil bearna á lionadh ag O.

. [faoi litir] – in ME chun a thaispeáint go bhfuil sí ar éigean le léamh.

## I. EUSTASIUS

[f. 41 c 27] 1. Eustasius naemh dar ainm ar tús Plasidus do bhí 'na cheann sluaidh ac Troghian impir agus do ghnáthaigh co mór oibrighthi na trócaire, acht gí do bhí féin arna dhísliughadh do fhreacar na n-ídhál. Agus do (bhí) bean phósta aigi a [g]comthrom bésa agus trócaire (ris) féin agus do bhí dís mac aigi noch do hoileadh co mórdhálach do réir a n-oireadhachta féin. Agus (ó) do shaigh-sin ' aigneadh co síraidhe a n-oibrighthibh na trócaire do ba fiú hé gu [bh]foillseóchaidhe dó slighi na fírenachta.

2. Lá éigin más eadh dá ndeachaidh chum fiadhaidh agus tarla ealbha fiadhaigh chuigi. Agus do-chunnuig én fhiadh do ba mó agus dob áille ná cách aturru, agus do dhealaigh an fiadh sin re cumand an fhiadhaigh ele agus do innsaidh coill uaingneach. Agus do leanadar na ridirí ele an ealbha agus do lean Plasidus in fiadh sin co sanntach agus do thrial breith air. Agus ar leanmhuin an fhiadha dó co dulandach do-chuaidh an fiadh roimhe ar charraicc aird, agus do dhruid Plasidus ris agus do smuaintigh agus do shir a inntind cinnus do fhédfadh breith fair. Agus ó da bhídh ag feitheadh an fhiadha [41 d] co gleithneach do-chunnaic idir comhnadhaibh an fhiadha foirm na croichi coisricca noch do ba mó deallradh ná soillsi gréine. Agus do-chunnaic ímháidh Íssu Críst ag lobhairt reis a bél an fhiadha mar do lobhuir an t-asal re Balam uair ele. Agus is eadh adubhairt an ímháidhin, 'A Phlasidus, cad 'má leanand tú mé, uair is ar mhaithibh ritt-sa do fhoillsidheas-[s]a mé féin duid annsan ímháidh so, agus is misi Críst noch fhreacras tusa agus tú féin ainmhfesach, agus do (chuadar) do dhéircinna suas am fhaidhnuisi-s[e], agus is uime tánag dot innsaidhi innus co [n]dénainn-si fiadhach ort-sa trít an fiadhach so ar a [bh]fuilli-si ac fiadhach orm-sa'. Agus aderuid drong eile curub í ímhaidhin Críst noch do-chunnaic idir comhnadhaibh in fhiadha adubhairt na briathra so.

3. Agus arna chluinsin-sin do Phlasidus do ghabh eagla ro-mhór hé agus do thuit(t) sé don each ar talamh. Agus mar sin dó feadh uair[e] ele, agus do impódh reis féin agus do éiridh don talamh agus adubhairt, 'Innis damh cad lobhras tú agus creidfidh mé innat'. Agus adubhairt Críst, 'A Phlasidus, is misi Críst agus is mé do chruthaigh neamh agus talamh agus is mé do-rinne éirghi gréine agus is mé do-rinne solus agus dorchadus agus is mé do ordaigh na haimsira agus na laeithi agus na bliadhna agus is mé do chruthaigh in duine do chré na talmhan agus is mé do fhoillsi mé féin a [g]coluinn annsa talamh ar son (shláinte) in chinidh daenna agus is mé do crochadh agus do hadhlaiceadh agus do éiridh an treas lá'.

2 ghnáthaigh] gnath̄ F gnath̄ ḡ O      7 bhfoillseóchaidhe] foillseoch̄  
 11 cách] gach cach      13 Plasidus] Platasidus      21 is eadh] ĪSeadh  
 24 chuadar] cuireadar      25 tánag] tanag dtanag      37 shláinte] tshainnte  
 38 mé] uime



## DE S. EUSTACHIO (LA, lgh 712–18)

1. Eustachius antea Placidus vocabatur. Hic erat magister militum Traiani imperatoris. Erat autem operibus misericordiae valde assiduus, sed tamen ydolorum cultui deditus. Habebat autem coniugem eiusdem ritus et misericordiae existentem, duosque filios procreavit quos iuxta suam magnificentiam magnifice educari fecit, et quia operibus misericordiae insistebat, ad viam veritatis meruit illustrari.

2. Quadam enim die, cum venationi insisteret, gregem cervorum reperit, inter quos unum caeteris speciosiore et maiorem conspexit, qui ab aliorum societate discedens in silvam vastiorem prosiliit. Verum aliis militibus circa cervos reliquos occupatis Placidus hunc toto nisu insequitur et ipsum capere vitebatur. Quem cum totis viribus insequeretur, cervus tandem super quandam rupis altitudinem conscendit et Placidus approprians, qualiter capi posset, animo sedulus revolvebat. Qui cum cervum diligenter consideraret, vidit inter cornua eius formam sacrae crucis supra solis claritatem fulgentem et imaginem Jesu Christi, qui per os cervi, sicut olim per asinam Balaam, sic ei locutus est, dicens: O Placide, quid me persequeris? Ego tui gratis in hoc animali apparui, ego sum Christus quem tu ignorans colis; elemosinae tuae coram me ascenderunt et ob hoc veni ut per hunc, quem venabaris, cervum ego quoque te ipse venarer. Alii tamen dicunt quod ipsa imago quae inter cornua cervi apparuit, haec verba protulit.

3. Haec audiens Placidus nimio timore correptus, de equo in terram procidit et post unam horam ad se rediens, de terra surrexit et ait: Revela mihi quid loqueris et sic credam in te. Et ait Christus: Ego, Placide, sum Christus qui coelum et terram creavi, qui lucem oriri feci et a tenebris divisi, qui tempora et dies et annos constitui, qui hominem de limo terrae formavi, qui propter salutem humani generis in terris in carne apparui, qui crucifixus et sepultus, tertia die resurrexi.

40 4. Agus arna *chluinsin*-sin do *Phlasidus* do *thuit*(t) arís ar *talamh*  
 agus adubhairt, ‘Creidim, a *Thighearna*, gura tú atá ann agus cura tú  
 do-rinni na *neith*[e] sin uile agus cura tú impódhas lucht an tseachráin’.  
 Agus adubhairt in *Tighearna* reisin, ‘Ó *chreidi*-si sin, éirigh mar a [bh]fuil  
 easbug na *caithreach* agus baisti [*sic*] tú féin’. Agus adubhairt *Plasidus*  
 45 reisin, ‘An áil [l]et, a *Thighearna*, mé féin d’*fh*oillsiú na *neithann* (so) do  
 ma *mhná* pósta agus dom *chloinn* innus co [g]creidid siad-sand innad-sa  
 a [g]com*h*throm rium-sa?’ Agus adubhairt in *Tighearna* ris, ‘Innis dóibh  
 innus co nglantar iad mailli rit (féin). Tusa imorro tarra amárach annso  
 co [bh]foillsidhar-sa mé féin arís duitt agus co [bh]foillsidhar duitt na  
 50 *neithanna* atá chugud nís imláini’.

5. Agus ar n-impódh dó-san *chum* a *thighi* agus ar n-innisi na *sgél*  
 sin dá *mhná* pósta ana *leabaidh*, d’éidh in *bhean* phósta agus adubhairt,  
 ‘A *thighearna*, do-*chonac*-sa féin hé annsan aidhthi arér ‘gá rádh rim,  
 “*Ticfaidh*-si amárach .i. tusa agus t’*fh*ear agus do *chlann* dom innsaidh-  
 55 si”. Agus aithnim-si anois gurub é (sin) in *Tighear*[na] *Ísa Críst*’.

6. Do imidhidar a *meadhón* aidhthi *chum* easbuig na *Rómha*  
 agus do *bhaist* iad maill *re* honóir ró-mhóir agus do aithridh ainm do  
*Phlasidus* agus tuc ‘*Eustasius*’ air agus ‘*Theospita*’ eir an mnaí pósta.  
 Agus ar [d]teacht na maidne do imidh *Eustasius* *chum* *fiadhaigh* mar  
 60 fa gnáth leis, agus ar [d]teacht a ngoire an inaid coinni do sgaíl a  
 ridiridh uadha do *theascélta* in *fhiadaigh*, mar ‘udh *eadh*. Agus do-  
*chunnaic* an uair sin annsan inad cédna cruth na *céd-fhéchan* agus  
 do *thuit*(t) agus do *chui*[r] a aighi faí(dh) agus adubhairt, ‘*Guidhim*  
 tú, a *Thighearna*, co [bh]foillsi tú do[t] *shearbhóntaidh* na *neithi* do  
 65 *ghealluis*’. Agus adubhairt an *Tighearna* ris, [42 a] ‘As conáith tú, a  
*Eustasius*, ó do *ghabh* tú *fothragadh* mo *ghrása* chucad. Anois imorro  
 do *chlaí* tú an *diabhal* agus do-rinnis saltrachan ar an tí do *mheall* tú  
 agus ‘u follus do *chreidimh*. An *diabhul* imorro noch do *thréigis*, atá  
 sé *armtha* go *hígar* ad *adhaigh* agus is *éigin* duit más *eadh* *neithanna*  
 70 *imdha* d’[fh]ulang innus gu ngobhthá chugud coróin na buaidhi. As *éigin*  
 duit[t] *deacracha* *imdha* d’*fh*ulang dod *chur* a n-ísli ó dhímhaínus ard in  
*tshaeghail*, innus co n-*ardaidthear* arís tú annsna toiccibh *spiradálta*.  
 Tussa imorro bí co *cothaighthe* agus ná féch ar do *chéd-ghlóir*, uair is  
 75 *éigin* duitt do *dhearbhadh* mar lob eile tré *chathaighthe*ibh *imdha*, agus  
 an uair *isleóchair* tú féin *ticfadsa* dot innsaidhi agus aiseogad tú annsa  
*céd-ghlóir*. Abair más *eadh* an *fearr* leatt anois *cathachon* d’fhagáil ná  
 a *ndeireadh* do *bheatha*’. Agus adubhairt *Eustasius*, ‘A *Thighearna*,  
 más *éigin* a *bheith* mar sin, furáil an *cathachon* do *theacht* anois agus  
 tobhuir féin *neart* [na] *foidhidi* dúinn’. Agus adubhairt in *Tighearna*,

41 ann] ann *idir* tu agus ata *anairde* 58 *Theospita*] *theospitam*  
 69 *armtha*] *armata* 69 go] *bis* 69 *adhaigh*] *adhaiḡ* 71 ard] *os cionn*  
 na *líne* 73 imorro] ḶḶ 73 *cothaighthe*] *cothe* 74 *chathaighthe*ibh]  
*cathibh* 75 dot] *dot*t 77 *bheatha*] *bheadtha* 78 *cathachon*] *cath*  
 79 na] *nof* (*i ndeireadh líne*)

4. Haec audiens Placidus, iterum in terram decidens, ait: Credo, Domine, quia tu es qui omnia fecisti et qui errantes convertis. Et dixit ad eum Dominus: Si credis, vade ad episcopum civitatis et te baptizari facias. Cui Placidus: Vis, Domine, ut haec eadem uxori meae et filiis nuntiem ut et ipsi pariter in te credant? Cui Dominus: Renuntia illis ut et ipsi pariter tecum mudentur; tu quoque crastina die huc venias et quae futura sunt plenius tibi pandam.

5. Cum ergo domum venisset et haec uxori in lecto renuntiasset, exclamavit uxor eius, dicens: Domine mi, et ego eum transacta nocte vidi dicentem mihi: Cras tu et vir tuus et filii tui ad me venietis, et nunc cognovi quoniam ipse est Jesus Christus.

6. Perexerunt igitur ad episcopum Romae media nocte, qui eos cum magno gaudio baptizavit et Placidum Eustachium vocavit, eius uxorem Theospitam, et filios eius Agapetum et Theospitum. Mane facto, Eustachius, sicut prius, ad venationem processit, et prope locum veniens, milites suos, quasi sub obtentu investigandae venationis, dispersit, stansque in loco, formam primae visionis aspexit, cadensque in faciem suam, dixit: Supplico, Domine, ut manifestes quae promiseras servo tuo. Cui Dominus: Beatus es, Eustachi, qui accepisti lavacrum gratiae meae, quia modo dyabolum superasti, modo eum qui te deceperat conculasti, modo apparebit fides tua. Dyabolus enim, eo quod ipsum dereliqueris, contra te saeve armatur; oportet igitur te multa sustinere ut accipias coronam victoriae; oportet te multa pati ut de alta saeculi vanitate humilieris et rursus in spiritualibus divitiis exalteris. Tu ergo, ne deficias nec ad gloriam pristinam respicias, quia per tentationes oportet te alterum Job demonstrari. Sed cum humiliatus fueris, veniam ad te et in gloriam pristinam restituam te. Dic ergo, si modo tentationes vis accipere aut in fine vitae. Dicit ei Eustachius: Domine, si ita fieri oportet, modo nobis tentationes accedere iube, sed virtutem patientiae tribue. Cui Dominus:

80 'Bídh co cothaighthe, uair coimhédfa mo ghrása-sa bhar n-anmanna'.  
 Agus do imidh in Tighearna suas ar nimh agus do impódh Eustasius  
 chum a thighi agus do innis sin dá mhnaí pósta.

7. Tar éis beacáin do laeithibh do leing bás teadhmainn ar gach  
 uili óglach agus banóglach dá roibh acu agus do mharbh an uile thsear-  
 85 bhóntaidh. 'Na dhiaidh-(sin), tar éis aimsiri éigin, na huili each agus  
 cethra do bhí acu rug bás obunn iad. Agus ó do-chonncadar dáini do-  
 bhésacha in argain sin a' dul orro do-chuadar annsan aidhche dá [d]tighi  
 [sic] agus rugudar leó gach uile ní dá [bh]fuaradur agus da fhádhbadar  
 an teach uile ó gach ór agus ó gach airgead agus ó gach uile ní ele. Agus  
 90 do theith Eustasius lomnacht [sic] anns[an] aidhchi agus a bhean phósta  
 agus a chlann, agus do ruc a mbuidhi-sin re Dia. Agus do thinnsnadar  
 dul annsa Eidheipt ar ngabháil náire dóibh. Agus do-chuaidh gach uile  
 shealbh dá roibh aigi eir neimhní (maille re éigin) na [bh]fealláinedh  
 [sic].

8. An rí imorro agus in seanadh uile do ghabh doilghis ro-mhór  
 95 iad tré mhaidhisdir cródha na ridiridh nár fhéd[ad]ar fis ar domhun  
 d'fhagháil air. Ar n-imtheacht imorro do Eustasius do-chuadar d'inn-  
 saidhi na mara agus fuaradar long agus do-chuadur innti. Ó d'-chonna-  
 aic(c) imorro tighearna na luingi bean phósta Eustasius co roibh sí bláith  
 100 co mór do (shanntaigh) co ro-mhór a beith aigi féin, agus an uair do-  
 chuadar tar muir d'iarr sé luach imlachta [sic] air, agus ó nach roibh  
 acu(dh) ní do-bhérdais, do fhuráil sé bean phósda Eustasius d'fhastógh  
 ar son an luacha sin dó féin. Agus arna chluinsin-sin d'Eustasius ní thug  
 aenta chuigi ar chor ar bith, agus ar mbeith ag teagmháil dó (athadh  
 105 fhada) um on [sic] mnaí(dh) reis in tighearna, d'fhuráil an tighearna  
 ar lucht na luingi a bhádhadh sa muir innus co mbeith an bhean aigi  
 féin mar sin. Ó do-chonnaic Eustasius sin do imidh co dobrónach agus  
 do fháguibh an bhean phósta agus do ruc leis in dís macamh óg agus  
 do imidh co hégaínteach agus adubhairt, 'Ma thruaidhi mar atáim-si  
 110 agus mar atá sibh-si .i. bhar máthair arna fácbháil ag an eachtrannach  
 coimhitheach'.

9. Agus a' teacht dó d'innsaidhi srotha, ar mhéd [42 b] an tuile nír  
 fhét sé in dís mac do bhreith tar an sr(uth agus do fhágaibh) sé mac  
 115 accu a mbruach an tsrotha agus do chuir (an) mac ele ar a mhuin, agus  
 ar ndul an sruth dó, in mac rug anunn do leig ar lár hé agus do-chuaidh  
 co haibéil ar a ais do thobhairt in mhic eile leis. Agus mar ráinic lár  
 in tsrotha táinic in madra eallaidh co haibéil agus do fhuadaidh in mac  
 do lig ar lár agus do theith leis chum na coille. Agus ó da-chuaidh a  
 dhóith-sin don mac sin do leig gu luath d'innsaidhi in mhic eile (hé),

80 cothaighthe] cothe 84 ita O banog]— F 84–85 thsearbhóntaidh]  
 thsearbhóntaidh 85 'Na] nad (i ndeireadh líne) 88 fhádhbadar]  
 fhagbhadar folumh O 89 ór] add. fhadbhadar 93 dá] do 95 in] na  
 100 do] dos (i ndeireadh líne) 100 shanntaigh] smuaintig 100 co] oco  
 119 sin] os cionn na líne

Constans esto, quia gratis mea custodiet animas vestras. Sicque Dominus in coelum ascendit et Eustachius domum rediens, haec uxori suae nuntiavit.

7. Post paucos igitur dies mors pestifera cunctos servos suos et ancillas ipsius invasit et universos occidit; deinde post aliquod tempus omnes equi et omnia eius pecora subito interierunt. Quidam autem scelesti, eius deproedationem videntes et per noctem in domum eius ineuntes, cuncta quae repperunt asportarunt et domum totam auro et argento et rebus aliis spoliarunt, et ipse cum uxore sua et filiis, gratias agens, nocte aufugit nudus. Qui ruborem verentes Aegyptum pergebant, totaque sua possessio per rapinam malorum ad nihilum est redacta.

8. Rex autem totusque senatus pro magistro tam strenuo multum dolebant, eo quod de eo nullum indicium reperire poterant. Cum autem iter agerent, appropinquaverunt mari et invenientes navem, super eam navigare coeperunt. Videns autem dominus navis uxorem Eustachii, quae pulchra esset nimis, ipsam plurimum habere desideravit. Cum vero transfretasset, naulum ab eo exigebat; non habentibus vero illis unde solverent, iussit pro naulo detineri uxorem, volens illam secum habere. Quod ut Eustachius audivit, nullatenus assentire voluit. Diu vero eo contradicente, innuit dominus nautis suis ut eum in mare praecipitarent, ut sic uxorem suam habere possent. Quod cum Eustachius comperisset, uxorem iis tristis reliquit, et duos infantes accipiens, ingemiscens ibat ac dicens: Vae mihi et vobis quia mater vestra alienigenae marito tradita est.

9. Perveniensque ad quendam fluvium, propter aquarum abundantiam non est ausus cum duobus filiis fluvium pertransire sed uno circa ripam fluminis relicto, alterum transportabat. Qui cum fluvium transvadasset, illum infantem quem baiulaverat super terram posuit et ad accipiendum alium festinavit. Cum autem circa medium fluminis pervenisset, ecce lupus concitus venit et infantem quem deposuerat rapiens, in silvam aufugit. Qui de eo desperans ad alium festinavit. Sed cum

120 agus ag dul dá innsaidhi dó, táinic an leóghan agus do *fhuadaidh* leis  
 hé. Agus ó nach roibhi neart leanmhana aigi air do *thinnsgain* cáí do  
 dhénumh agus a *fholt* do *tharraing* agus do *thogair* hé féin do *bhádhadh*  
 annsan uisci mina *beith* eólus Dia dá *chaemhna*.

10. Ó d'-*chonncadar* imorro na *buachaillí* in leomhan agus an  
 125 leanamh beó aigi do *leanadar* hé maille *re* conaibh agus do *dheóin* Dia  
 do theilg an leóghan an leanumh uadha gan breódhu agus do imidh  
 féin. Agus dream ele do *bhí* ag treabhadh do *ghlaedhadar* a ndiaidh in  
*mhadraidh* agus d'*fhóiridar* cu himlán an leanamh a craes in *mhadraidh*.  
 Gach drong díbh-sin imorro .i. na *buachaillí* agus na hoireamhuin a n-én  
 130 sráitt do *bhádadar* agus do oileadar na leinibh acu féin.

11. Eustasius imorro ní roibh a *fhís*-sin aigi, acht do imidh roimhe  
 co dobrónach *caidheanach* agus adubhairt, 'Truadh mé, uair do *bhádhas*  
*mar chrann toraidh* roimhe-so agus atú anois ar mo *chlaechmhódh* gu  
 haibéil. Truadh mé, uair do *chleachtas* uilimdhacht na ridiredh do  
 135 *bheith* am *thimchill* agus atáim anois am aenur, agus nír *leigeadh* damh  
 mo dhís mac agus a Thighearna, as cumhuin lium co ndubhairt tú rium  
 cur *éigin* damh mo *dhearbhadh* mar Iob, agus do-*chím* anois curub mó  
 do-rinneadh orm ná eir Iob. Iob imorro, gé do nochtadh fóna *mhaithius*  
 hé do *bhí* camra aigi anar *fhét* *bheith* 'na shuighi, agus ní *mhair ceachtar*  
 140 díbh-sin agum-sa. Agus do *bhádadar* caruid aigi-sin a' dénumh truaidhi  
 dó agus is iad na piasda allta ainmhíne mo *charaid*-si ac fuadach mo  
*chloinne* uaim. Do *fágadh* a *bhean phósta* aigi-sin agus boineadh dímsa  
 mo *bhean phósta*. A Thighearna, *tobhair* ciúnas do[m] *thriobolóid*  
 agus cuir *coiméd* ar mo *bhél* nach *claenadh* mo *chraidhi* a mbriathruibh  
 145 na mailísi agus nach innarbar mé ót *aghaigh*'. Agus 'gá *rádha*-sin dó do  
 imidh sé maille *re* déruibh *chum* sráide, agus ar [d]tobhairt luacha (dó)  
 do *choiméd* sé fearann na ndaíne sin re cúig *blíadhnaibh* dég.

12. A *chlann* imorro do *bhádadar* agá n-oileamhain annsa sráit ele  
 agus ní roibhi a *fhís* acu(dh) iad féin do *bheith* 'na mbráthreachaibh.  
 150 Agus do *choiméd* fós in tighearna bean *phósta* Eustasius gan truaillleadh,  
 uair nír *choimhriacht* in t-*achtrannach* ria agus do *chríchnaigh* sé a  
*bheatha* agus do leig uadha gan tadhull issi. An t-impir imorro agus in  
 pobul Rómhánach do *ghabh* athamhultus mór iad a' cuimhneochadh eir  
 Phlásidus agus eir a mhínci do *chathaigheadh* sé co cródha a n-aighidh na  
 155 námhad, agus do *ghabh* tuirsi mhór iad fón claechlódh obunn tucadh air.  
 Agus do sheól in t-impir ridiridhi imdha a rannaibh éxamhla an domhuin  
 agus do *gheall* innmhuis imdha agus onóir mhór dóibh dá [bh]faghdais  
 hé.

120 leóghan] leoghghan 124 buachaillí] buaicaili 130 leinibh]  
 leimibh 145 mailísi] mailisibh 146 imidh] imidhsi 148 n-oileamhain]  
 noil— 154 eir] eiri 154 chathaigheadh] cath̄ ȝ (*b'fhéidir gur i agus*  
*nach ȝ atá faoi bhun na líne*)

abiret leo venit et alium filium rapiens, abiit. Unde eum consequi non valens, cum esset in medio fluminis, coepit plangere et capillos suos evellere, volens se in aquam proiicere, nisi eum divina providentia continuisset.

10. Pastores autem, videntes leonem puerum vivum portantem, eum cum canibus insecuti sunt. Per divinam autem dispensationem leo puerum illaesum abiiciens recessit. Quidam insuper aratores post lupum inclamantes, alium puerum de eius faucibus incolumem liberarunt. Utrique vero, scilicet, pastores et aratores de uno vico fuerunt et penes se pueros nutrierunt.

11. Hoc vero Eustachius nesciebat, sed moerens ac plorans ibat, dicens: Heu mihi, quia ante ut arbor pollebam, sed modo penitus sum mutatus! Heu me, qui a multitudine militum circumdari solebam, sed nunc solus remanens nec filios sum concessus habere! Memini, Domine, te mihi dixisse quia oportet te tentari sicut Job sed ecce plus aliquid in me fieri video; ille enim, etsi possessionibus nudatus fuerit, tamen stercus habebat super quod sedere potuit, mihi autem nihil horum remansit; ille amicos sibi compatiens habuit, ego immites feras habuit quae meos filios rapuerunt; illi uxor est relicta, a me vero ablata. Da requiem, Domine, tribulationibus meis et pone custodiam ori meo ne declinet cor meum in verba malitiae et eiiciar a facie tua. Et haec dicens cum lacrymis, ad quendam vicum abiit, et data sibi mercede agros illorum hominum per annos XV custodivit.

12. Filii autem eius in altero vico educati sunt nec se esse fratres sciebant. Dominus autem uxorem Eustachii conservavit nec illam ille alienigena cognovit, sed potius eam intactam dimittens, vitam finivit. Imperator autem et populus Romanus plurimum ab hostibus molestabatur, et recordatus Placidi qui strenue contra ipsos hostes dimicasset, de eius subita mutatione plurimum tristabatur direxitque multos milites per diversas mundi partes, promittens omnibus qui eum invenisset multas divitias et honores.

13. Dá ridiri imorro da bhí ag frith[42 c] (eóladh do Phlasidus féin) roimhe-sin tángadur d'innsaidhi na sráide a roibhe (sé. Agus) do-chonnaic Plasidus uadha iad a' gabháil an fhearainn agus tuc aithne orro (go haibéil ag teacht) dá innsaidhi. Agus táinic ar chuimhne a dhínite féin agus do thinngain a bhuaðhradh agus adubhairt, 'A Thighearna, mar do-chunnaic mé an drong sa do bhí farum uair éigin can dóith a [bh]faiceála, tobhair damh mar sin cumus mo mhná pósta d'fhaiceál uair éigin, uair atá a fhis agum cur chaithidar na piasda allta mo mhic'. Agus táinic an guth dá innsaidhi agus adubhairt ris, 'Bídhbh dóith agud, a Eustasius, uair do-ghiabhair t'onóir féin co luath agus do-ghiabhair do chlann agus do bhean phósta'.
14. Agus ó tharla eir na ridiribh hé nír aithnidar hé agus do bheannaidh[id]ar dó agus do fhiarfaighdar de nar aithnid dó oilithreach darbh ainm Plasidus agus bean agus dís cloinne aige. Agus adubhairt-sin nach roibhi a fhis aigi, agus do ghuidh leis an aidhche sin chom ósta (iad.) Agus do bhídh ac seirbhís dóibh agus do chuimhne in chéd-sdaid a roibhi féin agus do chaí agus nír fhéd cosc dá dhéruibh, agus ad imidh amach agus do ghlan a aghaigh agus do impódh arís dá n-innsaidhi agus do ghabh ac frithóladh dóibh. Agus tucadar-san dá n-airi hé agus adubhrudar re ' chéile, 'Is mór as cosmhail in duine so reis in duine atámuid d'iarraidh'. Agus do freagradh sin leis in fear ele agus adubhairt, 'As deimhin curub cosmhail co mór agus finnam in [bh]fuil aigi comhurtha an luit ana cheann noch fuair sé annsa cath, agus má tá, as eisin hé'. Agus d'fhéadar agus do-chonncadur in comhurtha agus ad aithnidar an uair sin curub é in t-é do bhídar d'iarraidh do bhí(dh) ann. Agus do lei[n]gidar air agus do phócadar hé agus do fhiarfaighdar sgéla na mná pósta (agus) na cloinni de. Agus adubhairt-sin gur mharbh na mic agus gur boineadh a bhean phósta dá ainneóin de. Agus an uair do-chualadar na comhursana uili in comhrádh sin do-rinnidar coimhrith mar do reachdais d'fhéchain neith ingantaidh ó do-chualadar na ridirí ag innisín a neirt agus na glóire do bhí ag Eustasius ar tús.
15. Agus as annsin do insidar na ridirí aithne in impir dó agus do chuiridar édaidhi ro-mhaithi uime agus tángadur tar éis uidhi u. lá ndég d'innsaidhi an impir. Agus mar do-chualaidh an t-impir eisein do theacht do-chuaidh 'na choinne agus do-chonnaic hé agus tuc póga dhó agus do innis seisin gach uili ní tarla chuigi tré ord do chách uil[i]. Agus do tairrgeadh an uair sin chun maidhisdreachta na ridireachta

159–160 (eóladh . . . féin)] *dorcha in F, an bhearna á líonadh ó O*  
 160 (sé. Agus)] *dorcha in F, an bhearna á líonadh ó O* 162 (go . . .  
 teacht)] *dorcha in F, an bhearna á líonadh ó O* 171 aithnid] *add. ar*  
 176 aghaigh] *adhaiḡ* 177 frithóladh] *frithol*— 184 leingidar] *lingidar*  
 [insilientes] *O* 187 comhursana] *comhurrsana (an dara r faoin líne)*  
 188 do] *add. cu (i ndeireadh líne)* 189 a] *nó leg. a' [?]* 190 insidar] *os*  
*cionn na líne in airde agus an líne féin bán faoi, mar a raibh foca(i)l a*  
*scriosadh* 195 tairrgeadh] *add. 7* 195 chun] *cuñ*



13. Duo autem ex militibus qui aliquando Placido ministraverant, ad ipsum vicum in quo degebat, venerunt. Quos Placidus de agro venire considerans, eos ex incessu protinus recognovit et veniens in memoriam dignitatis suae, perturbari coepit ac dicere: Domine, sicut istos qui aliquando mecum fuerunt praeter spem vidi, sic da ut aliquando coniugem meam videre possim; nam de filiis scio quod a feris comesti sunt. Venit autem ad eum vox dicens: Confide, Eustachi, quia cito honorem tuum recuperabis et filios et uxorem recipies.

14. Cum igitur militibus obviasset, ipsi eum minime cognoverunt, cumque eum salutassent et quaesierunt si aliquem peregrinum nomine Placidum cum uxore et duobus filiis cognosceret. Ille autem se nescire professus est. Ad preces tamen eius in hospitio deverterunt et Eustachius iis serviebat. Et recolens pristinum statum suum lacrymis continere non poterat. Egressus autem foras suam faciem lavit et iterum rediens, iis serviebat. Illi vero considerantes, ad invicem dicebant: Quam similis est homo illi quem quaerimus! Et respondens alter dixit: Valde quidem similis est; consideremus igitur et si habet signum cicatricis in capite quod sibi in bello accidit, ipse est. Et respicientes et signum videntes, ipsum esse quem quarebant protinus cognoverunt, et insipientes et osculantes eum, de uxore et filiis eius sciscitati sunt. Qui dixit iis quod filii mortui essent et uxor detenta. Vicini autem omnes quasi ad spectaculum concurrebant dum milites virtutem eius et primam gloriam praedicabant.

15. Tunc milites praeceptum imperatoris ei exponunt et optimis vestimentis eum induunt. Post iter XV dierum ad imperatorem devenerunt, qui eius adventum audiens, protinus eidem occurrit et ipsum videns, in oscula eius ruit. Narravit quoque omnibus cuncta quae sibi per ordinem accidissent, statimque ad magisterium militum trahitur et idem, quod

(é) agus do comhéiginidheadh hé do fhreagar na hoifigi do bhí aigi ar tús. Ar [g]comhaireamh na ridiridh dó agus ar [d]tobhairt aithne nár lór iad a n-aidhghi na námhad imdha, d'fhuráil tréinfhir do thinóil as gach uile chathair agus as gach sráid.

200 16. Agus tarla chucu an talamh a roibhi a chlann-san gá [n]-oileamhain do scribhadh innus cu d[t]ucdís dá thréinfhear uadha, agus tucadar lucht aitrebha an inaidh uile in dá mhacamh óga arna [d]togha seach cách [42 d] uadha do mhaidhisdir na ridirí. Agus (ó) d'-chunnuicc seisin na macaímh óga áille comhchóirithi ó shochracht bés agus ó do  
205 thaitneadar ris co ro-mhór do ordaigh sé iad idir prímhluacht gach fleidhe agus do imidh roimhe chum an chatha mar sin. Agus ar [g]claíi' námhad dóibh do an sé trí ló co n-aidhchi annsan inadh a roibhe a bh[ean] phósta 'na banaidhi boicht.

17. An dá mhacamh óga imorro do ghabhudar hósta do dheóin Dia  
210 annsan aitreabh a roibh a máthair agus ní robh a fhís ac[c]u curbh í a máthair hí, agus do ghabhudar 'na suidhi a [d]timcheall an mheadhóin laei agus do ghobudar a' sgélaidheacht dá chéile. Agus do thinnsgnadar a naeidhinteacht d'innisín dá chéile. Agus do bhí an mháthair 'na suidhe don leith ele agus sí co haireach ag éisdeacht gacha neith adeirdís. Agus  
215 adubhairt an mac budh mó ris in mac bu lú, 'In uair do bhadas am naídhin ní cumhuin leam ní ele acht m'athair do bheith 'na mhaidhisdir ridireachta agus mo mháthair do bheith álainn co mór agus dís mac do bheith acu .i. misi agus mac bu lú ná mé agus dobo mór maisi in mhícc sin. Agus do rucadar sinde leo agus d'fhágadur an teach annsan aidhchi  
220 agus do-chuadar a luíng agus ní fheadar-sa cá ndeachadar, agus an uair do bhámar ac fágbháil na luíngi do fácbhadh ar máthair annsa luíng agus ní fheadar cad é in t-adhbhar. An t-athair imorro do thóg sinn ar ndís agus do imidh agus sé a' cáí agus táinic d'innsaidh srotha agus misi agus an bráthair dob óigi 'na fhochuir, agus do chuir an bráthair  
225 dob óigi ar a mhuin agus do fhágaibh misi a mbuach an tsrotha, agus mar do chuir an mac dob óigi tar in sruth do inntógh dom inns[aidhi]-si dom breith leis. Agus táinic an madra allaidh agus do fhuadaidh a' naídhí sin leis, agus nís túsca ná táinic a [bh]fogus damh-sa táinic an leómhan as a' coill agus do fhuadaidh misi (agus) rug leis mé d'innsaidhi  
230 na coilleadh. Agus do bhoineadar na buachaillí mé a béal an leómhuin agus do hoileadh mé annsa baile inar hoileadh tusa agus ní fheadar cad [d]o-ronnadh ris in athair ná ris in naídhin'.

18. Agus mar do-chualaidh in mac dob óigi sin do thinnsgain cáí do dhénumh agus a rádha, 'Dar Dia, do réir mar do-chluinim uaid is misi do  
235 bhráthair-si, óir an drong 'gar hoileadh misi as eadh adubhrudar rium, "A béal in mhadráidh allaidh do bhoinamar-ne thú". Agus do ghlacadur

197 ridiridh] ridir<sub>7</sub>    200–201 n-oileamhain] oil–    204 shochracht]  
socr̄s F shochraighheacht O    207 roibhe] roime    220 fheadar-sa]  
feadadursan F fheadursa [nescio] O    221 luíngi] add. 7    222 fheadar]  
feadadur F feadursa [nescio] O    232 athair] nat̄h

prius, officium exercere compellitur. Qui numeratis militibus et paucos contra tot hostes esse cognoscens, iussit tirones colligi per omnes civitates et vicos.

16. Contigit autem illam terram, in qua filii eius educati sunt, describi ut darent duos tirones. Universi autem eius loci incolae illos duos iuvenes tamquam caeteris aptiores magistro militum consignarunt. Videns vero iuvenes elegantes et morum honestate compositos, cum sibi plurimum placuissent, inter primos convivas suos ordinavit eosdem et sic profectus ad bellum subiectis hostibus, exercitum suum tribus diebus in quodam loco ubi uxor sua pauper hospita manebat, requiescere fecit.

17. Illi vero duo adolescentes in tabernaculo matris suae, nutu tamen Dei hospitati sunt, nescientes quod mater sua esset, et sedentes circa meridiem et mutuo confabulantes, exponebant sibi invicem de infantia sua. Mater vero eorum de contra sedens, quae ipsi referebant attentius audiebat. Dicebat enim maior minori: Nihil aliud recolo nisi quod pater meus magister militum erat et mater mea speciosa valde, duosque filios habuerunt, scilicet me et alium minorem me, qui et ipse speciosus valde erat, accipientesque nos de domo nocte egressi sunt, nescio quo euntes, ingressique sunt navem. Cum autem de navi egredere-mur, mater nostra, nescio quo modo, in mari relictæ est, pater vero noster, portans nos duos flens pergebat, perveniensque ad quendam fluvium, transivit cum fratre meo iuniore et me super ripam fluminis dereliquit. Cum autem reverteretur ut me acciperet, lupus venit et illum infantem rapuit et antequam ad me appropinquaret, leo de silva exiens, me rapuit et in silvam deduxit. Pastores vero eruerunt me de ore leonis et nutritus sum in illa possessione in qua et ipse scis et non potui scire quid factum sit de patre meo neque de infante.

18. Haec audiens minor, coepit flere ac dicere: Per Deum, ut audio, frater tuus ego sum, quoniam et qui me educaverunt hoc dicebant, quod

agus do thógadar agus do phógadar a chéile agus do chaidheadar. Agus do bhí an mháthair ag éisdeacht riú agus do-chonnaic cur innsidar crích in scéil agus do thrácht aici féin co fad[a] gurubh iad a mic féin iad.

240 19. An lá arna mháireach do-chuaidh sí d'inn[saidhi] maidhisdir na ridiridh agus do ghuidh é agus adubhairt fris, 'Guidhim thú, a thighearna, innus co [bh]furáili tú mo bhereith am thír féin, uair is do thalamh na Rómhánach mé agus am bainneóraidh atáim annso'. Agus 'gá rádha-so do-chonnuicc sí comhurtha a fir phósta [43 a] féin fair agus do aithin sí hé  
245 agus ní fhéd cosc di féin agus do lig ar lár chom a chos hí agus adubhairt, 'Guidhim thú, a thighearna, a innisin damh an bheatha thosanach do bhí ord, óir is [í] mo dhóigh curub tú Plasidus .i. maidhisdir na ridiridh darab ainm eile Eustasius agus gurub tú Plasidus noch do inntógh an Slánaidhthóir agus ar ar imidh an cathachon so agus darub bean phósta  
250 misi agus mé ar mo bhuaín dít eire [sic] muir agus ar mo choiméd ó thruailleadh agus 'g a roibh dís mac, Agapitus agus Theospitus'.

20. Agus arna chluinsin[-sin] d'Eustasius d'fhéich hí gu dulannach agus d'aithin curbhí a bhean phósta hí agus do chaei tré lútháir agus tuc póg di agus tuc glóir do Dhia noch do-bheir sólas do lucht an annróidh.  
255 Agus as annsin adubhairt a bhean phósta ris, 'A thighearna, cá [bh]fuil ar mic?' Agus adubhairt seisín cur fhuadaidhtar na piasta allta uadha iad, agus do innis di cinnus do-chuadur uadha. Agus adubhairt sisi, 'Dénun buidheochus ar Dhia, uair is dóigh lium-sa, mar tug Dia dúinn sinn féin d'fhadháil ar aen-thshlighi, gurub mar sin tug sé dúinn aithne  
260 ar [g]cloinni'. Agus adubhairt seisín '[Adubhart] rit gu rugudar na piasta allta leó iad'. Agus adubhairt sisi, 'Do bháhdhas-[s]a anné am thshuighi ann mo gharrgha féin agus do-chuala an dís macamh óg ag innisin a naedhinteacht a féin dá chéili agus creidim curob iad mo mhic iad, agus fiarfaigh-si féin díbh agus inneósaid duitt'.

265 21. Agus do ghoir Eustasius na macaímh óga agus do éist rena naeidhinteacht gá hinnisin agus do aithin gurbh iad a mhic féin iad. Agus do ghlacadar iad .i. eisin agus an mháthair agus do chaeieadar co mór fóna mbráighdibh agus do phógadar iad co díchra agus do ghabh lúgháir mhór an sluagh uile trít na macamhaibh (sin) d'fhadháil agus trít bhuaidh na mbarbarach. Agus ar n-impódh dó ón tshluaidheadh  
270 fuair Troighian impir ar n-ég agus Adrian noch dobo peacaidhi ná eisin ar ndul 'na inad. Agus do-rine fleadh mhór ar son na buaidhi do rug Eustasius agus in sluagh agus ar son mná pósta agus cloinni Eustasius d'fhadháil agus do ghobh chuigi iad co mórdhálach.

237 chaidheadar] caidheadadtur 239 aici] aigi 244 aithin] aithain  
247 ridiridh] ridir7h 249 agus] add. noch (faoi anáil noch gairid roimhe) 251 thruailleadh] truail- 251 Agapitus agus Theospitus] agapitum 7 theospitum 253 tré] trebhu 254 sólas] solus F solasand [qui consolatur] O 258 dóigh] add. lium 266 gá] bis 266 hinnisin] ninnisin (faoi anáil naeidhinteacht, is dócha) 267 do] dog (i ndeireadh líne) 268 iad] bis 269 trít] add. sin

de lupo eruimus te. Et in amplexus ruentes, osculabantur se invicem et fleverunt. Audiens haec mater eorum et considerans quod eventum suum ita seriatim dixissent, diu apud se tractavit si filii sui essent.

19. Altera autem die ad magistrum militum adiit et interpellavit eum dicens: Deprecor te, domine, ut me ad patriam meam perducere iubeas; ego enim de terra Romanorum sum et peregrina hic sum. Et haec dicens, vidit in eo signa mariti sui et eum cognoscens, cum se iam continere non posset, procidit ad pedes suos et ait: Precor te, domine, ut et exponas mihi pristinam vitam tuam; puto enim quod tu sis Placidus magister militum qui alio nomine diceris Eustachius, quem Placidus salvator convertit, qui talem et talem tentationem sustinuit et cui uxor quae ego sum in mari ablata fuit, quae tamen ab omni corruptione servata sum, qui et duos filios, scilicet Agapetum et Theospitum habuit.

20. Haec audiens Eustachius et ipsam diligenter considerans, uxorem suam recognovit et lacrimatus prae gaudio ipsam osculatus est, glorificans Deum qui consolatur affictos. Tunc dicit ei uxor sua: Domine, ubi sunt filii nostri? Et ait: A feris capti sunt. Et exposuit ei quomodo perdidit illos. Et illa: Gratias agamus Deo, puto enim quod quemadmodum Deus donavit nobis ut inveniremus nos invicem, donabit etiam recognoscere filios nostros. Et ille: Dixi tibi quod a feris capti sunt. Et illa: Hesternam die sedens in horto, audivi duos filios iuvenes sic et sic suam infantiam exponentes et credo quod filii nostri sint; interroga igitur ab eis et dicent tibi.

21. Et convocans eos Eustachius et audiens ab iis infantiam suam, recognovit quod filii sui essent et amplectentes eos, ipse et mater super eorum colla plurimum fleverunt et crebrius eos osculabantur. Omnis igitur exercitus plurimum gaudebat et de inventione eorum et de victoria barbarorum. Cum igitur rediret, contigit iam Traianum obiisse et successisse ei peiorem in sceleribus Hadrianum qui pro victoria obtenta et inventione uxoris et filiorum magnifice eos suscepit et magnum convivium praeparavit.

275 22. Agus an lá tar 'éisi-sin do-*chuaidh* in t-impir gu teampoll na  
 n-ídhal do *dhénumh* iubhurta ar son buaidhi na mbarbarach agus do-  
*chonnuic* imorro in t-impir nárbh áil le hEustasius sin .i. iubhuirt do  
*dhénumh* ar son na buaidhi sin ná ar son a mhuintiri d'fháil, agus do  
 ghuidh in t-impir hé *chum* na *hiubharta*. Agus adubhairt Eustasius  
 280 ris, 'Ass é Críst amháin an Dia dá [bh]frecaim-si agus is dó 'na aenur  
 do-ním seirbhís'. Agus do línadh annsin an t-impir do *fheirg* agus do  
 ordaidh sé eisin agus a *bhean phósta* agus a *chlann* do *chur* a ngaineamh  
 (agus) d'fhuráil sé leómhan allta do ligin d'a n-innsaidhi, agus do rith  
 an leómhun agus do *chrom* a *cheann mar* do *bheith* gá nguidhi, agus  
 285 d'imidh uadha co humhal.

23. Agus is annsin do *fhuráil* an t-impir *damh* umhaidhi do *chur*  
 tré [t]heinidh agus d'fhuráil sé a [g]cur beó annsin. Agus is annsin  
 do-rinnidear na *naeimh* irrnaidhthi agus do [t]himnadar iad féin don  
 Tighearna agus do-*chuadar* asdeach annsa *damh* agus *tugadar* a *spírud*  
 290 don Tighearna annsin. Agus do *tairmgeadh* as an *damh* (iad) a [bh]fiadh-  
 nuisi in impir in iii lá agus is amhlaidh do *bhád*ar co huile gan a [g]cuirp  
 do *bhrénadh* innus ná[r] *thadhaill* beó na teineadh ruainne dá [bh]folt  
 ná ball dá mballaibh.

[43 b] 24. Na crístaigh imorro rugadar na cuirp leó agus do *chumh-*  
 295 *da*[igh]dar a n-inud [ro-uas]ul iad agus do-rinneadar teach irrnaighthi  
 annsin. Fá Adrian impir fuaradar páis agus (is) ann do *thinnsgain*  
 Adrianus annsa ix *bliadhain* d'a[i]m[s]ir an Tighearna annsa 20 kl. do  
 mhí Nouember, nó do réir druinge e[le] (annsa) 12 kl. do mhí October.  
 F-i-n-i-t.

---

278 mhuintiri] *bis* 280 aenur] *uænur* 282 a chlann] a *bis* 286 an]  
*bis* 294 crístaigh] *crístaigh*

22. Altera autem die ad templum ydolorum processit ut ibi sacrificaret pro victoria barbarorum. Videns vero imperator quod Eustachius nec pro victoria nec pro inventione suorum sacrificare vellet, hortabatur ut sacrificium immolaret. Cui Eustachius: Ego Christum Deum colo et illi soli sacrifico. Tunc imperator ira impletus, ipsum cum uxore et filiis in arena statuit et leonem ferocem ad eos dimitti fecit. Accurrens vero leo et demisso capite quasi eos sanctos adorans, ab iis humiliter recessit.

23. Tunc imperator bovem aeneum incendi fecit et eos ibidem vivos mitti mandavit. Orantes igitur sancti et se Domino commendantes, bovem intraverunt et ibidem Domino spiritum reddiverunt. Tertia autem die de bove sunt coram imperatore extracti. Ita penitus intacti inventi sunt quod nec capillus nec quidquid eorum vapores incendii aliquatenus contigerunt.

24. Christiani vero eorum corpora tulerunt et in loco celeberrimo recondentes ibidem oratorium construxerunt. Passi sunt autem sub Hadriano qui coepit circa annum Domini CXX calendis Novembr vel secundum quosdam, duodecim calendis Octobr.

## II. MUIRE EIDHEIPTEACH

300 [43 b 6] 1. Muire Eidheipteach, noch do bhí 'na bainpheacaidh ar tús agus dá ngoireand an *Eaglais* anois Muire Eidheipteach, do bhí seacht mbliadhna agus dá fhichit annsa fásach maille *re* beathaigh ro-chruaidh. Agus ab naemtha darab ainm Sosimas do-chuaidh tar sruth Horthanáin agus do bhí ac siubhal an fhásaidh mhóir a ndóigh co [d]teigmheódha

305 chuigi naemh éigin. Do-chonnuicc neach ag siubhal agus corp lomnocht dubh aigi agus sé loisgithi ó ro-theas na gréine. Agus as sí do bhí ann Muire Eidheipteach, agus do theith co haibéil. Agus do thinnsgain Sosimas rith co luath 'na diaidh, agus do ráidh sisi annsin, 'A Aib Shosimas, cad 'ma leanann tú mé, agus gabh agam, óir ní fhédaim m'aidhi [*sic*] do

310 impódh ritt ar [m]beith a[m] mhnaí(dh) damh agus mé lomnocht. Agus cuir do bhrat chucam innus co [bh]fédainn t'fhaiceál gan [n]áire.'

2. Ó do-chualaign-sin a ainm gá rádh do bhídhg sé agus tuc an brat di agus do-rinne prostráid de féin eir *talamh* agus do ghuidh hí co mbeannaidheadh sí hé. Agus do ráidh ris, 'A athair, is ritt féin

315 is mó bhoineas an beannochadh, óir is tú mhaisidhes díniti na sagartachta'. Mar do-chualaign sin co roibhi fis a anma agus a oi(gh)figi aigi [*sic*] dobo mó(fho)idi a ingantus agus do ghuidh co díchra hí *chum* a bheannaidhthi. Is annsin adubhairt sisi, 'Is beannaidhi Dia noch do cheannaidh ar n-anmanna'.

3. Agus do lic *chum* urnaidhi hí agus a lámha sínti, agus do-chonnaic sin hí agá tógbháil ó *thalamh* fad én *chubhaid*, agus do thinnsgain an senóir annsin amhurus uirri .i. comadh *spirad* hí agus comadh doilceadh urrnaighthi do dhénamh sí. Agus adubhairt sí ris, 'Co ndearna Dia maith duit, a fhir do mhes misi an bainpheacach am *spirad* aingighe'.

325 4. As annsin do chuir Sosimas forcubhal urre a hucht an Tighearna indus coma dingbhála lé a cuingheall féin d'innisin dó. Agus adubhairt sí ris, 'A athair, gobh agum, uair dá n-innsear mo sdaid duitt teithfí tú romhum *mar* do theithfeadh co *heaglach* roimhe a' nathair neimhe re n-abar *serpens*. 'U [*sic*] salach do *chluasa* óm *chomhráitibh* agus 'u truaillighthi an t-aer óm *shalchar*'. Agus ó do bhí sin ac *fiarfaighe* na sgél

330 co sanntach, adubhairt sí, 'A athair, annsan *Eidheipt* do geineadh mé agus tánag annsa dara *bliadhain* dég dom aís co hAlexandria agus do bhádas seacht mbliadhna dég annsin re *meirrdreachus* coicchind agus nír dhiúltas mé féin do neach ar domhun reis in feadh sin. Agus ó

335 do bhádar daíne an fhlaitheamhnuis sin ag dul annsan Iarusmail [*sic*] do ghuidhe na croithi naeimh do ghuidheas-[s]a lucht na luingi fám breith leo. Agus ó d'iarradur luach imlachtaidh orum, adubhart, 'A

301 ngoireand] *ita* R, F *doiléir* 308 diaidh] G dhiaidh F rith uire R 310 am mhnaí] amnai R amnair G 318 Is] R Agus is FG 322–323 agus comadh . . . sí] *om.* R 323 doilceadh] doilbfeadh G 324 aingighe] ainglighe FR *om.* G 325 uirre] ur̄ 334 do neach] re . . . R ar . . . G 335 bhádar] R dibdar FG 335 annsan Iarusmail] co hIerusalem R co hIerl– G



## DE SANCTA MARIA AEGYPTIACA (LA, lgh 247–9)

1. Maria Aegyptiaca quae peccatrix appellatur XLVII annis in eremo artissimam vitam duxit, quam circa annos Domini CCLXX, tempore Claudii, intravit. Quidam autem abbas nomine Zosimas, dum Iordanem transisset et eremum magnam percurreret si forte aliquem sanctum patrem inveniret, vidit quendam ambulans nudo nigroque corpore et ex incendio solis exusto. Hoc autem erat Maria Aegyptiaca, statimque haec fugam arripuit et Zosimas post eam velocius currere coepit. Tunc ait illa: Abbas Zosima, quid me persequeris? Ignosce mihi, non possum faciem meam ad te convertere eo quod mulier sum et nuda, sed pallium tuum mihi porrige ut possim sine verecundia te videre.

2. Qui se nominari audiens stupefactus, pallium tribuit et in terram prostratus, ut se benediceret rogavit. Cui illa: Ad te, pater, benedictio magis spectat quem sacerdotii dignitas ornat. Ille, ut audivit quod nomen et officium eius sciret, amplius mirabatur et se benedici obnoxius precabatur. Tunc illa: Benedictus Deus redemptor animarum nostrarum.

3. Cumque illa, extensis manibus oraret, vidit eam quasi unius cubiti mensura elevari a terra. Tunc senex dubitare coepit ne forte spiritus esset et fingendo orationem faceret. Cui illa: Satisfaciat tibi Deus, qui me peccatricem mulierem immundum spiritum existimasti.

4. Tunc Zosimas illam per Dominum coniuravit ut conditionem suam ei narrare deberet. Cui illa: Ignosce mihi, pater, quia si tibi statum meum narravero, velut a serpente territus fugies et aures tuae sermonibus meis contaminabuntur et aër a sordibus polluetur. Cumque ille vehementer instaret, dixit: Ego, pater, in Aegypto nata sum, XII aetatis meae anno Alexandriam veni ibique XVII annis publice libidini me subieci et nulli nullatenus me negavi. Cum autem homines regionis illius pro adoranda sancta cruce Hierosolimam adscenderent, rogavi nautas ut me secum mitterent proficisci. Cum vero me de nauo

bhráithreacha, ní fuil agam luach imlachtaidh díbh acht mo *chorp* féin do *bheith* agaibh ar son luach m'ímchuir'. Agus do *ghabhadar*-san mé agus do bhí mo *chorp acu* ar son luach m'ímchuir.

5. 'Agus ó *thánag* co ruigi an Iarusmail tánac le cách co do[i]rsibh na *heaglais*(s)i do ghuidhi na croithi. Agus do diú(bh)ltadh co haibéil do-radhairc mé agus nír *leigeadh* damh dul asteach, agus tánag arís agus arís *eile* co tarrseach an doruis agus fuarus m'easonóradh agus m'inna[r]badh co hobunn agus cách uile a' dul asdeach co réigh agus gan toirmiusg ar én duine díbh. Do inntóghas orum féin agus do smuaintigheas gurub ó *ghráin* mo *pheacadh* tarla sin *chucum* agus do thinnsgnus m'ucht do *bhualadh* lem lámhaibh agus déra ro-ghoirti do *dhortadh* agus osnadhach *throm* do *dhénumh* ó innibh mo *chraidhi* agus do *fhéchas* [43 c] uaim astech agus do-chonnac ímháidh Mhuire .i. ímháidh na hÓighe (agus do thinnschas a guibhi maille re déruibh cridhe innus) co [bh]fadha [sic] sí ma[itheamhnas] mo *pheacadh* damh (agus co) [bh]fuil[eóng]adh mo leigin asteach do ghuibhi na croithi [naeimh] agus do gheallas co [ndi]últfuinn an saeghul agus co mairfinn co geannmaidhi ó sin amach.

6. 'Agus ar ndénumh na guidhi sin damh agus ar ngobháil dóchus [sic] (chuccam a n-ainm) na hÓighe do-*chuadhas* co doirsibh na *heaglasi* agus do-*chua*[dhas aste]ach annsan *eaglais* gan toirmiusg ar domhun. Agus ó do *ghuidheas* çmum ña c[roith]e go ro-dhúthrechtach tuc neach éigin trí pinginne damh agus do *cheannchas* trí haráin orro. Agus do-*chuala* in guth agá rád h rium, "[Dá n-imi]dhir sruth Orthannán 'u slán tú". Agus do imdhis an sruth agus tánag san *fásach* so. Agus do *bhádhas* seacht m*bliadhna* agus dá XX ann gan duine ar domhun d'fhaiceál agus na trí haráin tucus lim do chruaidhaidar ar feadh na haimsiri a samhail cloiche agus do *bhádhas* seacht m*bliadhna* dég acá [g]caitheamh agus d'fhodhnadar damh. M'éadaighi imorro do *chrínadar* fada uadha agus do *bhádhas* seacht m*bliadhna* dég annsan *fásach* sa 'gum buaireadh ó *chathachadh* na colla. Agus do *chlaídheas* anois na huile *chathaighthe* ó *ghrásai*[bh] Dé. Agus ag şin anois do innsis m'uile oibrighthe duid agus guibhim [tú] co ndoirti tú guidhi ar mo shon [chum an] Tighearna'.

7. Agus annsin do-rinni an seanóir prostráid ar *talamh* agus do bheannaídh sé an Tiagharna an(n)a banóglaiigh. Agus do ráidh sí freis, 'Guidhim tú, tarra dom innsaidhi lá thsuipeir an] Tiagharna co Iordan agus tabhuir Corp an Tighearna leat. [Mise] imorro rachad ad choinni agus giabhad an Corpán coisrica uaid, uair nír *ghabhús* comaíneachadh an Tighearna ón lá tánag annso'.

339 agaibh] agaimh                    346 orum] rim R lium G                    348 do] dodh (i ndeireadh líne)                    349 innibh] innimh F indibh R innibh G  
350–351 agus . . . guibhi] ita G, R doiléir                    351 maille . . . innus] R co duthrechtach derach G                    352 bhfuileóngadh] fuil...ngad R furailfeadh G  
365 damh] add. agus                    368 chathaighthe] cath—                    368 m'uile] ña muil—  
372 banóglaiigh] banogl—

requirerent, dixi: Non habeo, fratres, aliud naulum, sed pro naulo corpus habeatis meum, sicque sumserunt me et corpus meum nauli gratis habuerunt.

5. Cum autem Hierosolimam pervenissem et pro adoranda cruce usque ad fores ecclesiae cum aliis devenissem, subito et invisibiliter repulsam patior nec intus intrare permittor. Iterum autem atque iterum perveni usque ad limen ianuae et subito iniuriam patiebar repulsae. Cum tamen omnes liberum haberent aditum nec aliquod invenirent impedimentum, rediens igitur ad me et cogitans quod hic mihi ob scelerum meorum immanitatem accideret, pectus meum coepi manibus tundere, lacrymas amarissime fundere et a cordis intimo graviter suspirare, respiciensque vidi ibi imaginem Beatae Virginis Mariae. Tunc ipsam lacrymabiliter exorare coepi ut peccatorum meorum veniam impetraret et ad adorandam crucem sanctam me intrare permetteret, promittens me saeculo abrenuntiaturam et de caetero caste mansuram.

6. Cumque hoc orassem et in nomine Beatae Virginis fiduciam recepissem, fores iterum ecclesiae adii et sine aliquo impedimento ecclesiam intravi. Cum autem sanctam crucem devotissime adorassem, quidam mihi tres nummas tribuit, de quibus tres panes emi, audivique vocem dicentem mihi: Si Iordanem transieris salva eris. Iordanem igitur transivi et in hoc desertum veni, ubi XLVII annis nullum penitus hominem videns, mansi. Illi autem panes quos mecum detuli instar lapidis per tempora duraverunt et XLVII annis mihi ex his comedendo suffecerunt. Vestimenta autem mea iamdudum putrefacta sunt. XVII annis in hoc deserto a tentationibus carnalibus molestata fui, sed nunc per Dei gratiam omnes vici. Ecce omnia opera mea tibi narravi, et rogo ut pro me ad Deum preces fundas.

7. Tunc senex ad terram prostratus, in famula sua Dominum benedixit. Cui illa: Obsecro te ut in die dominicae coenae ad Iordanem redeas et corpus dominicum tecum feras. Ego ibidem tibi occurram et de manu tua corpus sacrum suscipiam, nam a die qua huc veni communionem Domini non accepi.

8. Do impógh [an s]eanóir *chum* a mhainistreach. Agus ar ndul na *bliadhna* seocha [ar d]teacht laithi tsuipéir in Tighearna a [bh]fogus, do ruc leis Corp an Tighearna co bruach Iordan agus do-*chunnuic* an  
 380 *bhean* 'na seasamh fón mbruach *eile* agus do-rinni sightham na croithi ar na huisceabh[ai]bh [sic] agus do imidh iad agus táinic co ruigi an seanóir. Agus arna fhaicsin-sin don tseanóir do bhíg sé agus do-rinne prodráid de féin co *humh*[al] f[ō]na cosuibh. Agus adubhairt sí fris, 'Féch gan sin do dhénumh ó táit sacramintí in Tighearna agud agus ó dheallraighis ó  
 385 dhíniti na sagartachta, ach guibhim thú innus gumadh dingmhála leatt, a athair, [t]eacht dom innsaidhi annsa *bliadhain* sa *chogunn*'. Agus arna rádha-sin do-rinn[e] [s]ighn[am] na croithi ar uisceadhaibh Iordan agus do imigh agus do-*chuaidh* a n-uaingis an fhásaidh.

9. An seanóir imorro do impódh *chum* a mhainisdreach féin. Agus táinic a [g]cinn *bliadhna* annsan inad ar labhuir ria ar tús agus do fuair [ann]sin hí agus a spirad arna fágbháil. Agus do thinngain cáí agus nír dhána leis a [glac]adh agus [a]dubhairt aigi féin, 'Ass é dob áil lium co deimhin corpán na ban[óighi] d'annlacadh agus is *eagail* leam ná 'u  
 390 [sic] maith léi sin'. Agus 'gá smuainteachadh-sin dó do-*chunnuic* sé a [d]teanta a cinn litreacha scríbhtha annsa talamh agus is *eadh* do bhí ann, 'Annluic, a *Shosima*, corpán Muire; tabh[air] a créfóg féin don *talamh* agus guidh ar mo shon *chum* an Tighearna is a haith[ne] d'fhác̃b̃has an saeghul so an d[ar]na lá d'Aipril'.

10. Agus do aithin [43 d] an seanóir annsin co deimhin cur chríchn[aigh] a beatha air [ng]abh[áil] sacramuinti [an] Tighearna agus [ar n-]impógh *chum* an fhásaidh. Agus in fásach sin noch do imigh Sosimas re spás deich lá [fich]eat ar éig[in], do shiubhail sisi i n-én uair hé agus do imidh ch[um] a Tighearna.

11. Agus ó [d]o shantai[gh] an seanóir an *talamh* do thochailt [agus nár] fhét do-*chunnuic* sé leomhum ac teacht dá innsaidhi co cea[nns]a agus adubhairt reis, 'Do fhoráil an ban-naemh so a corpán [d]'annlacadh [agus] ó táim-si am sheanóir ní fhédaim an *talamh* do [th]och[ailt] agus [ní] fuil iarunn imchubhaidh agom. Tusa immorro tochail an [talamh innus] cu [bh]fédmuis an corp ro-naemhtha do adhlacadh'. Agus annsin  
 405 do thinngain an leomhun an tochuilt agus do ullmh[aigh] uaidh [sic] imchubhaidh. Agus iarna dhénumh-sin co himshlán do imidh [an] leomhun mar uan ceannsa. Agus do-*chuaidh* an seanóir *chum* a mhainisdreach féin agus tuc glóir do Dhia(dh). Finiṭ.

380 fón] leg. fon [?]      391 a spirad arna fágbháil] iar fhagb-a spiradí  
 anna G

8. Rediens igitur senex ad monasterium, voluto anno, dum dies coenae appropinquaret, tulit corpus dominicum et usque ad ripam Iordanis veniens, ex alia ripa mulierem stantem prospexit, quae super aquas facto crucis signaculo ivit et ad senem usque pervenit. Quae videns senex obstupuit et ad pedes eius humiliter se prostravit. Cui illa: Vide ne feceris, cum sacramenta dominica penes te habeas et sacerdotii dignitate refulgeas, sed obsecro ut sequenti anno ad me, pater, redire digneris. Tunc illa, facto signo crucis super Iordanis aquas, ivit et eremi solitudinem petivit.

9. Senex vero ad suum monasterium rediens sequenti anno ad locum in quo primum secum locutus fuerat venit et eam ibidem exspirasse reperit. Qui lacrymari coepit et ipsam tangere non praesumit, dixitque intra se: Ego quidem corpusculum sanctae sepelire volebam, sed timeo ne hoc sibi displiceat. Hoc eo cogitante, vidit iuxta caput suum litteras in terra descriptas ita continentes: Sepeli, Zosima, Mariae corpusculum, redde terrae pulverem suum et ora pro me ad Dominum, ad cuius praeceptum 2° die Aprilis reliqui hoc saeculum.

10. Tunc senex pro certo cognovit quod mox ut Domini sacramentum accepit et ad desertum rediit, vitam finivit, illudque desertum quod Zosimas per XXX dierum spatium vix ambulavit, illa in una hora percurrit et ad Deum migravit.

11. Cumque senex terram foderet et nequivit, vidit leonem ad se venientem mansuete, dixitque illi: Sancta huc mulier praecepit sepeliri corpus suum et ego, cum sim senex, fodere non possum nec etiam habeo ferrameatum. Tu terram fode ut possimus eius corpus sanctissimum fodere. Tunc leo coepit fodere et aptam foveam praeparavit, quo peracto, leo ut agnus mansuetus abiit et senex ad suum monasterium, glorificans Deum, venit.

## NÓTAÍ

## EUSTASIUS

- 1 *dar ainm ar tús*: feic an abairt chéanna gan an chopail, G. Mac Niocaill (eag.), 'Stair na Lumbardach', *Studia Hibernica* 1 (1961) 89-118, línte 182, 1065.
- 6 *a n-oireadhachta féin*: 'a oireadhachta . . .' ba chirte de réir na Laidine.
- 10 *ealbha fiadhaigh*: *fiadhach* mar chnuasainm anseo agus sa chiall is caoile.
- 11 *cách*: ag tagairt d'ainmhithe nó nithe eile seachas daoine; cf. *ní fiú éin-ní cách* 'nihil prosunt caetera': O. Bergin (eag.), *Trí bior-ghaoithe an bháis* (Dublin 1931) líne 9402.
- 12 *uaingneach*: sampla eile den fhoirm seo, K. Mulchrone (eag.), *Caithréim Cellaig* (Dublin 1933) líne 326.
- 14 *co dulandach*: i bhFoclóir an Acadaimh i measc bríonna eile an fhocail seo tá ag na heagarthóirí 'earnest (?)'; ní miste an bhrí sin a lua leis, mar is é atá sa Laidin anseo *totis viribus*.
- 17 *da bhídh*: is dócha gurb í an aimsir chaite atá anseo againn; is í atá ag O – *do bi*.  
*co gleithneach*: níl an focal i bhFoclóir an Acadaimh – *diligenter* sa Laidin.
- 23 *annsan ímháidh so: in hoc animalí*.
- 25 *tánag*: tugtar faoi deara an focal sa bhreis *dtanag*; an féidir gurb é an ceart é – de réir ghnás na cainte?
- 44 *baisti tú féin*: ní fheadar an 'baistfidh' atá ansin; is soiléire O, agus is gaire don Laidin – *urail air tu fein do baisteadh 'te baptizari facias'*.
- 57 *maille re honóir ro-mhóir*: 'cum magno gaudio' – b'fhéidir gur *honore* in ionad *gaudio* a bhí i gcóip an aistritheora.
- 61 *do theascélta*: ní fhaca mé an fhoirm seo den ainm briathartha in aon áit eile; dhealródh an scéal gur ón rangabháil é. Maidir le *teas-*, cf. *taisbéain* agus *teasbáin*.
- 62 *na céd-fhéchan*: foirm ghinideach nach bhfaca mé cheana; *na ced fechsana* in O.
- 68 *go hígar*: 'saeve'; *co haingidhi* in O.
- 75 *an uair ísleóchair tú féin*: an fhaí chéasta sa Laidin – 'cum humiliatus fueris'.
- 79 *neart na foidhidi*: suáilce na f. atá ann go fíor – *virtutem patientiae*.
- 93 . . . *na bhfeallaínedh*: níl i bhFoclóir an Acadaimh. Samplaí eile: J. Mac Kechnie (eag.), *Instructio pie vivendi* I (Ir. Texts Soc. XXIX, London 1934) 117, 12; *Irisleabhar Muighe Nuadhat* 1918, 75 col. 2 líne 4 ('Riaghail na sacart').
- 106–7 *innus co mbeith an bhean aigi féin*: 'acu . . .' de réir na Laidine againne – *ut . . . uxorem . . . habere possent; possēt*, b'fhéidir, a bhí sa bhun-Laidin.
- 110–111 *ag an eachtrannach coimhitheach*: 'ailienigenae marito'. B'fhéidir nár tuigeadh *marito*; 'ag an leannán c.' (m.sh.) ab fhearr.
- 112 *tuile*: is gnách baininsneach an focal seo inniu; neodrach a bhíodh sé fadó.
- 112–13 *nír fhét sé*: le ceart 'níor leomh sé' – *non est ausus*.
- 123 *eólus Dia*: *divina providentia*.
- 129–30 *a n-én sráitt: de uno vico*; an sampla is luaithe is eol dom den fhocal *sráid* = 'sráidbhaile'.

- 137 *cur éigin damh*: insint dhíreach sa Laidin – *quia oportet te*.
- 138 *gé do nochtadh fóna mhaitheas hé*: Níl aon sampla eile agam den dul sin, ach feic R. Atkinson (eag.), *The Passions and the homilies from Leabhar Breac* (Dublin 1887) líne 8168: . . . *mo nochtad uime*.
- 141 *piasda*: is deacair a rá cé acu ‘piasda’ nó ‘fiasda’ atá sa LS.
- 153 *do ghabh athamhultus mór iad: plurimum . . . molestabatur*; fágadh *ab hostibus* gan aistriú. Cf. C. Ó Maonaigh (eag.), *Smaointe Beatha Chríost* (Baile Átha Cliath 1944) líne 2879: *Cad fa cuire t'athmultus ar an mnai mar sin – 'Quid molesti estis huic mulieri'*.
- 160 *roimhe-sin*: chun an aimsir ollfhoirfe a chur in iúl. Feic T. F. O'Rahilly (eag.), *Desiderius* (Dublin 1941) 257.
- 163 *do thinnsgain a bhuaadhradh*: an dul Gaelach chun an fhaí chéasta a thabhairt – *perturbari coepit*.
- 173 *leis an aidhche sin*: ‘leis’ = ‘fris’ nó ‘ris’ .i. ‘ar feadh na hoíche’.
- 173–4 *chom ósta: in hospitio*. Feic *Celtica* 1 (1946) 361–3, mar a ndeir T. F. O'Rahilly gur thúisce *tech ósta* sa Ghaeilge ná *ósta*. Luann sé samplaí as *Sir Gui*, ach is dealraitheach gur sine an sampla seo againne. Na lámhscríbhinní de chuid Uilliam Mhic an Leagha a bhfuil dátaí againn leo is sa dara leath den 15ú haois a scríobhadh iad, ach is roimhe sin a scríobhadh an Liber Flavus. Más luaithe an sampla seo *ósta* mar ainm ar an teach féin, rud is dealraitheach ón Laidin, ní mór amhras a chaitheamh ar chuid dá bhfuil ráite ag an Rathileach, m.sh. ‘. . . *ósta* is applied in particular to entertainment which is not supplied gratis, but is bought and sold’. B’fhéidir gur mar sin a bhí ar ball, ach ní léir gur mar a bhí riamh. Luann an Rathileach samplaí as dán c.1595 den fhocal *ósta* agus gur *teach ósta* is ciall leis. Feic an nóta ar líne 209 thíos.
- 186–7 *Agus an uair . . . comhrádh sin*: Níl sa Laidin againn féin.
- 198 *tréinfhir*: is dócha gurb í cuma an fhocail Laidine, *tirones*, a tharraing an focal seo.
- 200–201 *an talamh . . . do scríobhadh innus cu dtucdís: illam terram describi*. Níor shoiléir le O é agus is mar seo atá aige: *an talamh . . . agus do scribadh fis chuca innus. . . .*
- 202 *lucht aitrebha an inaidh uile*: áit an fhocail uile: cf. *do lucht inna Heirend uile* (K. Mulchrone (eag.), *Bethu Phátraic: the Tripartite Life of Patrick* (Dublin 1939) líne 1372); *dagh-mhná na talmhan uile* (L. Mac Cionnaith (eag.), *Dioghluim dána* (Baile Átha Cliath 1938) uimh. 18 § 2).
- 209 *do ghabhudar hósta: . . . hósta agus aodhoigheacht O – hospitati sunt*. Feic nóta ar línte 173–4 thuas; is léir nach é an teach ach an aíocht atá anseo againn.
- 212 *a' sgélaidheacht da chéile: ag súgra agus ag macánacht agus ag scelaigh-eacht. . . O*.
- 222 *cad é in t-adhbhar*: le ‘cinnus’ a bheifí ag súil – *quo modo*.
- 246–7 *an bheatha thosanach do bhí ord*: an dul seo, cf. *gibe lenab ail betha spiradalta do beth air: Smaointe Beatha Chríost*, líne 1166.
- 263 *mo mhic*: ach *fili nostri* sa Laidin.
- 268 *co díchra*: ‘co minic’, de réir na Laidine – *crebrius*.
- 276, 277, 279 *iubhairt*, gin. *iubhurta*: Cf. *urbuirt*, gin. *urburta*, ‘Beatha Eoin Bruinne II’ (eag. G. Mac Niocaill, *Éigse* 8 (1956) 222–30), §§ 8 líne 6; 9 línte 3, 10. Is cosúil gur imir an focal *airb(h)eart* ar an bhfocal seo *idhbairt*.

- Mhíneodh sin *bh* i lár baill agus *ur* ar tosach. Mar is eol freisin, dhéanadh *a(i)r-*, *e(i)r-*, *u(i)r-*, *a(u)r-*, i dtosach focail malartú ar a chéile.
- 282 *a ngaineamh*: Is dócha nár thuig an t-aistritheoir an bhrí faoi leith a bhí leis an bhfocal *arena*. (Níor thuig Caxton sa Bhéarla ach oiread, is cosúil, nuair a dúirt sé go cúramach san áit seo ‘in a certain place’!)
- 292 *innus nár*: is geall leis gurb ionann é sin agus ‘mar nár’, ‘de bhrí nár’ – *quod nec . . . nec . . . perierunt*, ach b’fhéidir gurb é brí a bhain an Gael as *quod ná* ‘sa tslí’ i. ‘innus’.
- 297 *annsa ix. bliadhain . . . annsa 20 kl. . . Nouember*: seachrán éigin anseo – *circa annum Domini CXX calendis Novembr*; ceanglaíodh, ach go háirithe, ‘XX’ le ‘calendis’

## MUIRE EIDHEIPTEACH

- 305 *naemh éigin: aliquem sanctum patrem*.
- 310 *a[m] mhnaí(dh)*: b’fhéidir gur mar sin díreach a bheadh sa chaint – ‘a mnaí’.
- 313 *do-rinne prostráid de féin*: dul nach bhfuil i bhFoclóir an Acadaimh.
- 315–16 *is tú . . . díniti na sagartachta: dínite* an t-ainmní anseo – *ad te . . . quem sacerdotii dignitas ornat*
- 323 *doilceadh*: b’fhéidir nach botún atá anseo in ionad ‘doilb(h)the’ ach gur canúnachas.
- 365–6 *seacht mbliadhna dég acá [g]caiteamh: recte* ‘seacht . . . dég agus dá XX’.
- 367 *fada uadha*: i. ‘fadó’; feic R. A. Breatnach, *Éigse* 7 (1954) 156.
- 370 *co ndoirtí tú guidhí*: is dócha gur Laidineachas é sin – *ut . . . preces fundas*.



## GLUAIS

lg = an roinn 'LITRÍÚ, GRAMADACH' thuas  
 n = nóta ar an bhfocal; ní luaitear samplaí uile na bhfocal  
 \* = focal nach bhfuil i bhFoclóir an Acadaimh

- \***aenta**: *ní thug aenta chuigi ar chor ar bith 'nullatenus assentire voluit'* 103–4  
**faiceál**: 165, 311, 364; gin. *faiceála* 165  
 \***feallduine**: *feallaínedh 'scelesti'* 93 n  
**fiadhach**: *ealbha fiadhaigh* 10 n  
 \***gleithneach**: 17 n  
**imlacht**: .i. 'imlocht'; gin. *imlachta* 101 lg  
**imlachtadh**: .i. 'imlochtadh'; gin. *imlachtaidh* 338, 339  
**iubhuirt**: *iubhuirt*, gin. *iubhurta*, 276 etc. n, lg  
**lúgháir**: 269; *lútháir* 253  
 \***macánacht**: *ag súgra agus ag macánacht* 212 n  
**nochtaim**: *gé do nochtadh fóna mhaithius hé* 138  
**(h)ósta**: *ósta* 174; *do ghabhudar hósta 'hospitati sunt'* 209 n  
**pinginn**: *trí pinginne 'tres nummas'* 360  
**prostráid**: *prostráid* 372; *do-rinne prostráid de féin 'se prostravit'* 313 n  
 \***saltrachan**: *do-rinnis saltrachan ar an tí do mheall tú 'modo dyabolum puperasti'* 67 n  
**sochracht**: *comhchóirithi ó shochracht bás 'morum honestate compositos'* 204  
**sráitt**: 'vicus' 130 n, 148; *sráid* 199  
**teadhmann**: *bás teadhmainn 'mors pestifera'* 83 lg  
**uaingneach**: 'vastior' 12 n

## AINMNEOIR

- Adrian:** 271, 296; *Adrianus* 297  
**Agapitus:** 251  
**Alexandria:** 333  
**Balam:** 21  
**Críst:** *passim*  
**Eidheipt:** 92, 332  
**Eidheipteach:** '*Aegyptiaca*' 300  
**Iarusmail:** '*Hierosolima*' 336, 342  
**Iob:** 74, 137, 138  
**Iordan:** *co Iordan* 374; *gin. ar uis ceadhaibh Iordan* 388, *co bruach Iordan* 380  
**Ísa, Íssu:** 20, 55  
**Muire:** *ímáidh Mhuire* 351  
**(H)orthanán:** *sruth Horthanáin* 303; *sruth Orthannán* 361  
**Plasidus:** *passim*  
**Róimh, an:** *easbuig na Rómha* 56  
**Rómhánach:** *do thalamh na Rómhánach* 242–3; *in pobul Rómhánach* 152–3  
**Sosimas:** 303, 307–8, 326, 402–3; *gairm. A Aib Shosimas* 308, *a Shosima* 397  
**Theospita(m):** 58  
**Trog(h)ian:** '*Traianus*' 2, 271

DIARMUID Ó LAOGHAIRE, SJ

*Páirc Bhaile an Mhuilinn*